# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/190 ÓN gComhairle

## an 12 Feabhra 2020

## lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2008/369/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) Ar an 6 Feabhra 2020, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, duine amháin le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Dá réir sin, ba cheart an duine sin a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Feabhra 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an duine seo a leanas leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES

"36. Seka BALUKU (cáilíocht íseal, dá ngairtear freisin: a) Mzee Kajaju, b) Musa, c) Lumu, d) Lumonde)

Ainmniú: Ceannaire foriomlán ar Fhórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe (ADF)

Dáta breithe: timpeall 1977

Náisiúntacht: Uganda

Seoladh: An suíomh deiridh is eol: Campa Kajuju Medina II, Críoch Beni, Kivu Thuaidh, Poblacht Dhaonlathach an Chongó

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 6 Feabh. 2020

Faisnéis eile: Ball seanbhunaithe ADF, bhí Baluku ina leas-cheannaire do bhunaitheoir ADF, Jamil Mukulu, go dtí gur tháinig sé féin i gceannas tar éis oibríochta míleata Sukola I de chuid FARDC in 2014.

***Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:***

*Na cúiseanna lena liostú:*

Liostaíodh Seka Baluku an 6 Feabhra 2020 de bhun mhír 7 de rún 2293 (2016) as páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

*Faisnéis Bhreise:*

Ceannaire foriomlán ar ADF. Mar a léiríodh i roinnt tuarascálacha ón nGrúpa Saineolaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (S/2015/19, S/2015/797, S/2016/1102, S/2017/672, S/2018/531, S/2019/469, S/2019/974), rinne, phleanáil agus/nó dhírigh Seka Baluku gníomhaíochtaí leanúnacha inar díríodh ar dhaoine, inar maraíodh, inar ballbhascadh, inar éigníodh agus ina ndearnadh foréigean gnéasach eile, inar fuadaíodh sibhialtaigh, leanaí ina measc, chomh maith le hionsaithe ar shaoráidí sláinte, go háirithe in Mamove, críoch Beni, an 12 agus an 24 Feabhra 2019, chomh maith le leanaí a earcú agus a úsáid ar bhonn leanúnach le linn ionsaithe agus d'obair éigeantach i gcríoch Beni i bPoblacht Dhaonlathach an Congó ó 2015 ar a laghad."